ESB NETWORKS

Ceacht 04

An tAthrú Aeráide agus Tusa

WEATHER Watch

Intinní Foghlama

Ag deireadh an cheachta seo, ba cheart go mbeadh na daltaí in ann na nithe a leanas a dhéanamh:

- Mínigh an difríocht idir an aimsir agus an aeráid.
- Déan plé ar iarrachtaí domhanda, náisiúnta agus áitiúla atá á ndéanamh, nó ar cheart a dhéanamh, chun tionchar dearfach a imirt ar an athrú aeráide.
- Sainaithin bealaí ar féidir leo féin agus lena muintir iarrachtaí na hÉireann tionchar dearfach a imirt ar an athrú aeráide a éascú.

Aeráid vs Aimsir – cad é an difríocht?

- **Aimsir** - Dálaí atmaisféaracha gearrthéarmacha.
- **Aeráid** - Patrún fadtéarmach na haimsire ar an meán i gceantar áirithe thar thréimhse fhada.
- **An tAthrú Aeráide** - Baineann le hathruithe fadtéarmacha ar chóras aeráide an Domhain, lena n-áirítear athruithe i bpatrúin aimsire agus meánteochtaí.

ESB NETWORKS

Tá an timthriall carbóin ríthábhachtach chun an t-athrú aeráide a thuiscint

Cliceáil anseo le féachaint ar an bhfíseán

WEATHER Watch

ESB NETWORKS

Féach ar an mapa idirghníomhach scéala seo faoi aeráid na hÉireann



Cliceáil anseo le féachaint air

WEATHER Watch

Céard atá ag tarlú ar bhonn domhanda?

- Is saincheist éigeandála dhomhanda é an t-athrú aeráide a bhaineann leis an domhan ar fad.
- Is féidir lenár ngníomhartha in Éirinn tionchar suntasach a imirt ar dhaoine i dtíortha eile. Imríonn a ngníomhartha féin tionchar orainn. Tá sé ag tarlú cheana féin.
- Toisc go bhfuil tionchar á imirt ar gach tír, tá sé tábhachtach go dtacaíonn an oiread tíortha is féidir leis na réitigh.
- Tagann tíortha le chéile ag comhdhálacha bliantúla, “Comhdháil na bPáirtithe” (COP), chun plé a dhéanamh ar an athrú aeráide agus ar an méid is féidir a dhéanamh ina leith.

Prótacal Kyoto (COP 3) – cad é atá ann?

- Comhaontú a bhí i bPrótacal Kyoto idir neart tíortha agus é mar aidhm leis astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin agus gáis ceaptha teasa eile a laghdú.
- Ba é an príomhsprioc leis go laghdódh náisiúin thionsclaithe an domhain astaíochtaí CO2.
- Glacadh Prótacal Kyoto in Kyoto na Seapáine in 1997.



© Andy Brunning/Compound Interest 2018

© Andy Brunning/Compound Interest 2018 - www.compoundchem.com
Roinnte faoi cheadúnas Admháil-Neamhthráchtálach-GanDíorthach Creative Commons.

Comhaontú Pháras (COP 21) – cad é atá ann?

- Reáchtálann na Náisiúin Aontaithe (NA) comhdhálacha aeráide idirnáisiúnta ina mbuaileann ceannairí domhanda le chéile agus ina bpléann siad saincheisteanna aeráide.
- Ag an gcomhdháil i bPáras in 2015, leagadh síos spriocanna fadtéarmacha do na náisiúin uile. Tugadh Comhaontú Pháras air.
- Tháinig Comhaontú Pháras isteach in ionad Phrótacal Kyoto in 2016.

Rúnaí John Kerry lena gharinion Isabelle Dobbs-Higginson agus é ag síniú Chomhaontú Athraithe Aeráide COP21 ag Halla Chomhthionóil Ghinearálta na NA i Nua-Eabhrac.

Cad iad spriocanna an chomhaontaithe?

- Iarrachtaí a dhéanamh chun arduithe teochta domhanda a theorannú go 1.5°C, agus iad a choinneáil "i bhfad faoi bhun" 2.0°C.
- Cur le cumas tíortha dul in oiriúint do thionchair dhíobhálacha an athraithe aeráide.
- Forbairt eacnamaíoch ísealcharbóin a bhaint amach.



Chacín, 2021

Chacín, A. (2021, Feabhra 21). Cad iad cuspóirí Chomhaontú Pháras? SGK-Planet. https://sgkplanet.com/en/what-are-the-objectives-of-the-paris-agreement/

Conas a oibreoidh Comhaontú Pháras

- **Féach ar an bhfíseán** agus freagair na ceisteanna
- Cé mhéad tír a shínigh Comhaontú Pháras?
- Ainmnigh rud amháin a gcaithfidh gach náisiún tuairisc a thabhairt air gach cúig bliana.
- Cé atá freagrach as teacht ar bhealaí nua chun rudaí a dhéanamh?

Cliceáil anseo le féachaint ar an bhfíseán

Conas atá ag éirí leis an domhan maidir le hobair i dtreo an athraithe aeráide?



Ba í 2024 an chéad bhliain féilire iomlán inar sháraigh an mheánteocht dhomhanda 1.5°C os cionn an leibhéil réamhthionsclaíoch.

Infheistíocht ag Rialtas na hÉireann



Tógadh an fhaisnéis ó leathanach 68 **den tuarascáil aeráide seo.**

Rialtas na hÉireann. (2024). An Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 (lch 68) An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. https://assets.gov.ie/296414/7a06bae1-4c1c-4cdc-ac36-978e3119362e.pdf

Roinnt spriocanna ó phlean gníomhaithe ar son na haeráide de chuid Éireann

Spriocanna Náisiúnta	2025	2030
Sciar Leictreachais In-athnuaite	50%	80%
Gaoth ar Talamh	6GW	9GW
Grianchumhacht	Suas le 5GW	8GW
Gaoithe ón Talamh	-	5GW ar a laghad
Stáisiún Cumhachta Gáis Solúbtha Nua	-	2GW ar a laghad
Solúbthacht ó Thaobh an Éilimh de	15-20%	20-30%



Bunspriocanna

Rialtas na hÉireann. (2024). An Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 (lch 154). An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. https://assets.gov.ie/296414/7a06bae1-4c1c-4cdc-ac36-978e3119362e.pdf

Conas is féidir linn spriocanna na hÉireann a bhaint amach?



Conas is féidir linn a bheith ina saoránaigh fhreagracha agus cabhrú le spriocanna na hÉireann a bhaint amach?

- Tagraíonn Solúbthacht nó **Éileamh Solúbtha** don chumas úsáid leictreachais a choigeartú nó a athrú mar fhreagra ar athruithe ar sholáthar nó ar éileamh.
- Tríd an éileamh ar fhuinneamh a aistriú go hamanna ina bhfuil go leor fuinnimh in-athnuaite á ghiniúint go háitiúil, is féidir linn **ár gcostais náisiúnta fuinnimh agus ár lorg carbóin a laghdú.**

Centre for Sustainable Energy. (2022, Nollaig 2). Cé a bhaineann leas as an tSeirbhís Solúbthachta ó Thaobh Éilimh de? https://www.cse.org.uk/news/who-benefits-from-the-demand-flexibility-service/

Solúbthacht ó Thaobh Éilimh de

Cad a chiallaíonn Solúbthacht ó Thaobh Éilimh de dúinn mar dhaoine aonair?

- Bheith solúbtha maidir le hídiú fuinnimh.
- Úsáid a bhaint as fearais tí lasmuigh de na buaicuaireanta, 5-7pm, nó ag am a bhíonn soláthar maith cumhachta ag an tír ó fhoinsí in-athnuaite.

Cad é mar atá an aimsir anois?

An maith an t-am é le d'fhearais leictreacha a úsáid?

- Seiceáil na sonraí ón Stáisiún Aimsire – an bhfuil sé gaofar taobh amuigh anois?
- Má tá sé gaofar, is maith an t-am é chun fearais a úsáid mar go ngineann an ghaoth fuinneamh in-athnuaite agus beidh Éire ag brath air sin níos mó amach anseo.

© Cóipcheart National Geographic 2025

ESB NETWORKS

Ár naistear i dtreo na neodrachta

Ciallaíonn neodracht astaíochtaí cothromaíocht iomlán a bhaint amach idir astaíochtaí gás ceaptha teasa a tháirgtear agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaintear as an atmaisféar.
Míníonn an físeán gearr seo Straitéis i dTreo na Neodrachta de chuid ESB Networks.

Cliceáil anseo le féachaint ar an bhfíseán

WEATHER Watch

ESB NETWORKS

Gníomhaíocht le Déanamh sa Bhaile agus sa Rang

Tabhair cuairt ar leathanach Sonraí Pobail de chuid ESB Networks:

- An bhfuil do chontae ag feidhmiú níos fearr nó ar aon dul leis an meán náisiúnta (glas) nó níos measa ná an meán náisiúnta (dearg)?
- Cé mhéad duine a d'fhreagair d'imeacht solúbthachta (nuair a chuir ESB Networks fógra amach lena chur in iúl gurbh am maith é chun fearais a úsáid)?
- Cé na contaetha a úsáideann an méid is mó/is lú fuinnimh? Cén fáth, dar leat?
- Conas is féidir leat daoine sa bhaile a spreagadh chun na spriocanna seo a bhaint amach?

WEATHER Watch

ESB NETWORKS

Maith thú!

Tá Ceacht 4 críochnaithe agat.

WEATHER Watch